## Músaem Chorca Dhuibhne agus Oidhreacht Chorca Dhuibhne

Is fada daoine lonnaithe in Iarthar Duibhneach. Timpeall 1500 bliain roimh aimsir Chríost a luaitear leis na céad áitritheoirí ainmnithe. Tá tuairisc ar na príomhiarsmaí a d'fhág muintir na leithinise ina ndiaidh anuas tré na blianta, i Músaem Chorca Dhuibhne atá lonnaithe i seanscoil náisiúnta Bhaile an Fheirtéaraigh.

Tá an Músaem, chomh maith le café agus siopa leabhar á reáchtáil ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne, eagras áitiúil a dheineann oidhreacht ársa Chorca Dhuibhne a chaomhnú is a chur cun cinn do mhuintir na leithinise an lae inniu chomh maith leis na cuairteoirí a thagann anseo bliain i ndiaidh bliana. Tuilleadh eolais: www.westkerrymuseum.com www.cfcd.ie/oidhreacht

*Situated in the old National School (built in 1875) in Baile an Fheirtéaraigh, Músaem Chorca Dhuibhne has a small but pertinent collection of artefacts relating to the history and the archaeology of the area. It is a good place to visit and be introduced to the area, its past and its attractions. There is a well-stocked bookshop and café in the museum.*

*Músaem Chorca Dhuibhne is run by Oidhreacht Chorca Dhuibhne, a local development organisation established in 1980 to preserve the linguistic and cultural heritage of the Dingle Peninsula for its inhabitants and visitors to the area.*

*Further information:* www.westkerrymuseum.com
www.cfcd.ie/oidhreacht






## Baile an Fheirtéaraigh (An Buailtín)

Tá an baile ainmnithe as na Feirtéaraigh. De shliocht Normánach iad agus thángadar chun an cheantair seo sa tríú haois déag. Duine díobh ab ea é an taoiseach agus an file Piaras Feirtéar (1601–1653) a chuaigh i bhfeidhm go mór ar a dhúthaigh féin agus maireann a cháil i bhfad ina dhiaidh sa Ghaoluinn, teanga mhuintir Chorca Dhuibhne, go dtí an lá atá inniu ann. Feirtéarach eile a bhain cáil amach dó féin agus dá dhúthaigh, ab ea an fear scolártha agus an fear léinn Pádraig Feirtéar (1856-1924) a d'fhág os cionn tríocha lámhscríbhinn le gach sórt ábhar béaloidis iontu, mar oidhreacht ag pobal Chorca Dhuibhne.

*This village, the main town of the parish of the same name has a long history. The name means 'the settlement of the Ferriters', an Anglo-Norman family which first came into this area in the late 13th century. They were major landowners during the medieval period, and famous members of the family have included Piaras Feirtéar, the late 16th century poet and revolutionary and Pádraig Feirtéar (1856-1924), a folklore collector among whose legacy is a collection of 30 manusripts.*

Urraithe ag An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

Lógó agus Léarscáileanna
© Dómhnal Ó Bric

Clóchur agus Dearadh: Inné, Dún Chaoin • Clódóirí: Kingdom Printers, Trá Lí.

Siúlóid Oidhreachta

3



# Slí na nDúnta

## Siúlóid Oidhreachta
## *Heritage Walk*

### Músaem ⁊ Oidhreacht Chorca Dhuibhne
### Baile an Fheirtéaraigh